



1ú-6ú Rang

**The Ark, Temple Bar**
Bookatark.ie | 016707788

Ark_Last_Moth_A2.indd 1 27/11/2025 12:08

**Bileog Ghníomhaíochta The Last Moth**

# Iú-6ú Rang

Tá na gníomhaíochtaí san acmhainn seo nasctha leis na snáitheanna fiosrú agus cruthú, léiriú agus cur i láthair, agus freagairt agus ceangal Shonraíocht Oideachais Ealaíon 2025, ag díriú go háirithe ar choincheapa na drámaíochta (ról agus carachtar, gluaiseacht, áit agus spás) agus na n-amharcealaíona (cruth, líne, foirm).




Is mise Duffy Mooney-Sheppard agus is ealaíontóir amhairc mé a tharraingíonn, a dhéanann rudaí éagsúla agus a chruthaíonn amharclannaíocht. Is aoibhinn liom leamhain.

Tar éis dom an seó amharclainne 'The Last Moth' a fheiceáil ag The Ark, cheap mé na gníomhaíochtaí seo trí imirt le hábhair i mo stiúideo ealaíne. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as na gníomhaíochtaí seo an oiread agus a bhain mise taitneamh astu.
Is féidir na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh ina n-aonar ach ullmhaíodh iad mar shraith ina dtógann gníomhaíocht amháin ar cheann eile - ag bogadh ó thaighde go freagairtí ealaíonta.



1 . Leabhar Nótaí Taighde Ealaíontóra

**Ag teastáil uait: cárta A4 x 1 bhileog, páipéar A4 dathanna éagsúla x thart ar 4-6 bhileog, peann luaidhe, siosúr, gliú & ribín/banda leaisteach nó téadán.**



Tá mórán cruthanna ag sciatháin leamhain, cosúil leis na samplaí seo thuas. Déanfaimid leabhar nótaí bunaithe ar sciatháin leamhain. Ar dtús, fill do chárta ina dhá leath cosúil le cárta breithlae. Ansin, ag tarraingt ón taobh fillte (ní ón imeall oscailte), tarraing cruth sciathán leamhain.

Déan é chomh mór agus is féidir leat - ag líonadh an leathanaigh (Íomhá 1 & 2). Gearr amach é seo. Anois fill 2 leathanach páipéir ar an mbealach céanna agus bain úsáid as cruth do chárta gearrtha amach mar stionsail chun cruth na sciatháin a tharraingt arís. Gearr amach iad seo. Tá clúdach agus leathanaigh agat anois le haghaidh an taobh istigh de do leabhar (Íomhá 3).

|  |  |  |
|---|---|---|
| íomhá 1 | íomhá 2 | íomhá 3 |

Chun maisiú a dhéanamh air, gearrfaimid gach ceann de na leathanaigh pháipéir ildaite atá fágtha ina bpíosaí níos lú.

Chuige seo, fill gach bileog cosúil le cárta breithlae, agus ansin déan arís é, oscail an bhileog agus feicfidh tú go bhfuil na fillteacha roinnte ina 4 chuid chomhionanna. Gearr amach iad seo. Fill gach ceann de na píosaí beaga seo ina dhá leath agus tarraing cruthanna difriúla orthu (Íomhá 4).

Nóta: Má tharraingíonn tú cruth atá ceangailte leis an imeall fillte (mar a rinne tú do chlúdach sciatháin), nuair a ghearrann tú amach é, gheobhaidh tú cruth siméadrach amháin. Má ghearrann tú cruth as lár an leathanaigh, nach bhfuil ceangailte le himeall, gheobhaidh tú dhá chruth siméadracha - cosúil leis na ciorcail bhuí sa ghrianghraf thíos. Bain triail as an dá bhealach chun éagsúlacht cruthanna agus méideanna a fháil (Íomhá 5).



íomhá 4



íomhá 5

Oscail do chlúdach agus cuir na cruthanna air ar bhealaí difriúla, le feiceáil cén chuma ba mhaith leat a bheith ar an gclúdach. Chun a bheith cosúil le leamhan, tá sé tábhachtach a bheith siméadrach, i.e. tá an dá sciathán mar an gcéanna. Ansin greamaigh an patrún is fearr leat. Cuir na leathanaigh pháipéir ar an taobh istigh.

Ag baint úsáid as ribín, téadán nó bandaí leaisteacha, daingnigh an leabhar le chéile (Íomhá 6)



íomhá 6



íomhá  7

## Am Taighde

I do leabhar taighde ealaíontóra, bailigh eolas, greamaigh pictiúir agus déan líníochtaí faoi leamhain. Seo é an spás atá agat le fiosrúchán a dhéanamh, ceisteanna a chur, freagraí a aimsiú agus smaointe a shamhlú. Is féidir leat a chinneadh cathain a scríobhfaidh tú nó a tharraingeoidh tú nó cad ba mhaith leat a fháil amach faoi leamhain.

Roinnt eolais le tú a chur ag obair… Cad a dhéanann idirdhealú idir leamhan agus féileacán? Is eitleoirí oíche iad formhór na leamhan, samplaí d'fhocail eile do leamhan i dteangacha eile ná: sa Gaeilge 'Féileacán Oíche', sa tSualainnis 'Nattfjäril' agus sa Ghearmáinis 'Nachtfalter' a aistrítear iad go léir go díreach mar 'Féileacán an Oíche'. Murab ionann agus féileacáin, bíonn aeróga clúmhacha iontacha ag leamhain de gach cineál cruthanna agus méideanna. Téann féileacáin agus leamhain araon faoi chlaochlú suimiúil ó bholb go feithid sciathánach. Ní hionann agus féileacán a bhfuil a chraiceann ina bhlaosc crua lonrach ar a dtugaimid crisilid air, déanann bolb leamhan líonra cosúil le cocún a shníomh ó shnáitheanna síoda nó cruthaíonn siad ceann ó bhruscar duilleoga tirime. Tá breis is 1,500 cineál leamhain in Éirinn. Tá áilleacht agus iontas ag baint lena bhfoirmeacha boilb agus leamhain sciathánacha éagsúla.

Is acmhainn iontach gréasáin í an Cartlann Íomhánna ag: www.mothsireland.com

Seo roinnt moltaí agus ceisteanna do do thaighde, tarraing agus/nó scríobh d'fhreagraí i do leabhar nótaí:

1. An féidir leat roinnt leamhain Éireannacha éagsúla a tharraingt? Tabhair aird ar chruth agus ar phatrúin a sciathán, féach ar a gcinn agus ar a n-aeróga a bhfuil cruthanna difriúla ag baint leo. Bíonn roinnt leamhain an-chlúmhach, d'fhéadfadh siad a bheith sách ildaite agus bíonn patrúin an-mhionsonraithe ag cuid acu.
2. Cén chaoi a mbíonn leamhan in ann an domhan a bholadh, a bhlas agus éisteacht leis?
3. Cén chuma atá ar chocúin leamhan agus conas a dhéantar iad? Cad a tharlaíonn istigh iontu?
4. Cad é an nasc idir leamhain agus an ghealach?

## 2 . Ag Iompú Isteach do Leamhán: Ag teastáil uait: Cárta, cruthanna atá fágtha ón ngníomhaíocht dheireanach, glantóirí píopaí, snáithe olann/bróidnéireachta, gliú/téip ghreamaitheach/stáplóir




íomhá 1


Beidh píosa fada caol cárta ag teastáil uait mar bhonn. Chun mo cheann féin a dhéanamh, ghearr mé dhá phíosa as bileog cárta A4 agus ghreamaigh /stápláil mé le chéile iad (Íomhá 1).

Ansin, sheiceáil mé an méid a bhí ag teastáil uaim don cheann a bheadh agam air agus cheangail mé le chéile é le gliú/téip ghreamaitheach/stápla.
Maisigh é le cruthanna atá fágtha ón ngníomhaíocht dheireanach nó déan cruthanna nua.

Cuimhnigh, tá tábhacht ag baint leis an tsiméadracht agus tú ag smaoineamh ar phatrúin leamhan.

Cas bun dhá ghlantóir píopa le chéile. Gearr olann/snáithe bróidnéireachta nó rud éigin cosúil leo ina snáitheanna gearra, thart ar 15cm (Íomhá 2). Ceangail gach ceann ar an bun de gach glantóir píopa (Íomhá 3). Greamaigh é seo le téip isteach sa bhanda cairtchláir. Is féidir leat imirt le cruth na n-aeróg - níos airde, níos cuartha nó níos casta. Féach cad is maith leat.

Téigh agus féach an bhfuil aon ábhar eile ann a d'fhéadfá a chur leis atá cosúil le leamhan. Mar shampla cleití nó rud éigin bog cosúil le olann chadáis nó fionnadh bréige (Íomhá 3).


íomhá 2


íomhá 3


íomhá 4

Tá aeróga uathúla agat anois ach b'fhéidir go mbeadh sciatháin uait don chéad ghníomhaíocht eile. Má tá am agat, bain úsáid as an modh céanna a úsáideadh chun clúdach do leabhar nótaí a dhéanamh i gcuid a haon, ach déan an cárta dhéanamh níos mó, i.e. bain úsáid as píosa mór cárta A3 nó A2. Fill ina dhá leath, gearr amach agus maisigh. Ceangail na sciatháin le ribín, banda leaisteach nó téadán. Mar mhalairt air sin, is bealach níos tapúla é píosa fabraice, braillín nó tuáille a aimsiú, agus é a chaitheamh mar chlóca.

### 3. Damhsa na Leamhán: Ag teastáil uait: Aeróg ón ngníomhaíocht dheireanach, sciatháin, tóirse, roghnach: braillín leapa mór, callaire don cheol

Cuir do chuid aeróg agus sciathán ort féin. Laghdaigh na soilse nó múch iad, cuir roinnt ceoil ar siúl. Iarr ar dhuine éigin tóirse nó lampa a lasadh taobh thiar díot.



Ceol molta: Claude Debussy, Clare de Lune. Éist leis an gceol agus bog leis.

An damhsa: Tosaigh mar chocún ag lúbadh go mall, do chuid lámha fillte go docht timpeall ort. Ansin, ag teacht amach go mall as an gcocún, aimsigh do sciatháin agus tosaigh eitilt. Bain sult as a bheith ag eitilt, ag damhsa trasna an spáis agus féach ar do scáth ag eitilt.

### 4. Mo Phortráid den Leamhán



Féach ar chuid de phictiúir Remedios Varo. Molaim na cinn seo: Papilla Estelar, Tailleur pour dames, El otro reloj, Personaje. Péinteálann sí carachtair osréalacha atá beagnach cosúil le leamhain. Ar dtús, tarraing sceitse de charachtair amháin nó níos mó de na pictiúir seo i do leabhar nótaí.

Anois tarraing agus/nó péinteáil portráid díot féin mar dhuine leamhain, b'fhéidir gur mhaith leat an ghealach a chur san áireamh!



